Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2021
(OR. en)

5605/21

ECOFIN 70
UEM 20
SOC 40
EMPL 28

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| An: | 25 Eanáir 2021 |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (cuid 2) / an Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5126/21 ECOFIN 25 UEM 6 SOC 5 EMPL 4 |
| Ábhar: | Tuarascáil 2021 maidir leis an Sásra Foláirimh<br>– Conclúidí ón gComhairle an 25 Eanáir 2021 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, na conclúidí ón gComhairle i ndáil le Tuarascáil 2021 maidir leis an Sásra Foláirimh, a d'fhormheas an Chomhairle ag an 3784ú cruinniú dá cuid an 25 Eanáir 2021.

**TUARASCÁIL 2021 MAIDIR LEIS AN SÁSRA FOLÁIRIMH**

– Conclúidí ó Chomhairle ECOFIN –

Déanann an Chomhairle (ECOFIN) an méid seo a leanas:

1. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go bhfuil titim gan fasach, neamhshiméadrach sa ghníomhaíocht eacnamaíoch mar thoradh ar na bearta srianta a raibh gá leo chun srian a choinneáil ar ráig phaindéim COVID-19. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil na bearta tacaíochta poiblí diongbháilte ríthábhachtach chun iarmhairtí socheacnamaíocha ghéarchéim na paindéime a mhaolú.

2. AITHNÍONN SÍ gur chuir na rátaí ionfhabhtaithe méadaithe i bhfómhar na bliana 2020 agus na bearta srianta a tugadh isteach arís ina dhiaidh sin brú breise ar an ngníomhaíocht eacnamaíoch. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil éiginnteacht thar na bearta ann maidir le forbairtí eacnamaíocha sna míonna atá le teacht, agus, i gcás inar gá, IARRANN SÍ go ndéanfaí bearta spriocdhírithe sealadacha breise chun tacú leis an téarnamh, agus na rioscaí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn maidir leis an gcobhsaíocht mhaicreacnamaíoch á gcur san áireamh.

3. IS DÍOL SÁSAIMH DI cur chun feidhme leanúnach an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha in ainneoin na géarchéime, agus Tuarascáil 2021 maidir leis an Sásra Foláirimh, lena dtionscnaítear an deichiú babhta bliantúil. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé, lena n-áirítear le linn na géarchéime eacnamaíche atá ann faoi láthair, míchothromaíochtaí a chuireann bac ar dhea-fheidhmiú gheilleagair na mBallstát, an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta nó gheilleagar an Aontais Eorpaigh ina iomláine a bhrath, a chosc agus a cheartú.

4. AONTAÍONN SÍ TRÍD IS TRÍD leis an measúnú ar an Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh i ndáil le forás míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Aontas agus laistigh den limistéar euro, agus na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith ann. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go raibh roinnt míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha á gcoigeartú roimh an ngéarchéim, amhail easnaimh rómhóra sa chuntas reatha nó fás buacach creidmheasa, agus go raibh an fiachas príobháideach agus poiblí ag dul i laghad freisin, cé nach raibh sé cothrom ar fud na mBallstát; thacaigh na dálaí fabhracha maicreacnamaíocha suas go dtí tús ráig ghéarchéim COVID-19, mar aon le roinnt athruithe struchtúracha, leis na ceartúcháin sin.

5. AITHNÍONN SÍ go bhfuil roinnt míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana ag dul in olcas anois mar gheall ar ghéarchéim COVID-19, agus go bhféadfadh rioscaí nua teacht chun cinn mar thoradh ar éifeachtaí na paindéime, go háirithe maidir leis an bhfiachas príobháideach agus poiblí a mhéadú. TUGANN SÍ DÁ hAIRE gur tháinig méadú ar fhéichiúnas príobháideach, go háirithe i gcás cuideachtaí, agus ar fhéichiúnas poiblí i ngach Ballstát, go háirithe i gcuid acu a bhfuil míchothromaíochtaí comhfhreagracha nó míchothromaíochtaí iomarcacha acu a sainaithníodh cheana féin, i bhfianaise cúluithe móra eacnamaíochta den chuid is mó, agus an gá atá ann tionchar ghéarchéim COVID-19 a mhaolú trí bheartais tacaíochta.

6. TUGANN SÍ DÁ hAIRE nach ndearna géarchéim COVID-19 difear an-mhór d'iarmhéideanna reatha go dtí seo; tá barrachais mhóra sa chuntas reatha fós i roinnt Ballstát cé go bhfuil siad ag cúngú, fad atá na heasnaimh sna cuntais reatha ag leathnú i mBallstáit áirithe a bhfuil fiachas mór seachtrach acu. AITHNÍONN SÍ na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do chláir chomhardaithe na mbanc atá nasctha leis an ionchas go mbeidh iasachtaí neamhthuillmheacha ag méadú, brabúsacht banc a bheith lag agus ceartúcháin anuas a d'fhéadfadh a bheith ann i bpraghsanna tithe. TUGANN SÍ DÁ hAIRE go dtiocfaidh méadú ar an dífhostaíocht, cé gur mhaolaigh na beartais tacaíochta an tionchar a bhí ag an titim sa ghníomhaíocht, agus go meastar go bhfuil méadú ar chostais aonaid saothair in 2020 mar thoradh ar an meath ar tháirgiúlacht saothair, in ainneoin go bhfuil an fás pá ag moilliú go suntasach.

7. IS DÍOL SÁSAIMH DI an cur chuige neartaithe réamhbhreathnaitheach don mheasúnú ar na rioscaí don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus do mhíchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá sa Tuarascáil maidir leis an Sásra Foláirimh. IS MÓR AICI sa chomhthéacs sin úsáid níos mó a bhaint as réamhaisnéisí agus as sonraí ardmhinicíochta a chomhlánaíonn léamh eacnamaíoch scórchlár an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha. Mar sin féin, MEABHRAÍTEAR DI an leibhéal ard neamhchinnteachta maidir le haon réamhaisnéis sna himthosca reatha atá ag athrú go tapa, rud a fhágann go bhfuil dúshlán ag baint le measúnú réamhbhreathnaitheach ar mhíchothromaíochtaí. IARRANN SÍ go ndéanfaí idirdhealú idir forbairtí timthriallacha agus struchtúracha maidir le measúnú a dhéanamh ar fhorás na míchothromaíochtaí atá ag teacht chun cinn, agus iarrann sí go ndéanfaí breithniú ar an ról atá ag beartais faoi láthair maidir le rioscaí don chobhsaíocht mhaicreacnamaíoch a laghdú i réimsí áirithe.

8. TUGANN SÍ DÁ hAIRE an rún atá ag an gCoimisiún grinn-athbhreithnithe a dhéanamh do 12 Bhallstát chun a mheas an bhfuil agus a mhéid atá na míchothromaíochtaí atá ann faoi láthair ag leachtú, ag leanúint nó ag géarú, agus ag an am céanna ag féachaint ar na beartais cheartaitheacha atá curtha chun feidhme. IARRANN SÍ go ndéanfaí dlúthfhaireachán ar na rioscaí i roinnt Ballstát nach meastar go bhfuil údar leis na grinn-athbhreithnithe a dhéanamh ina leith faoi láthair, go háirithe maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le maoiniú seachtrach agus cóimheasa réasúnta ard agus méadaitheach fiachais phríobháidigh agus phoiblí i ndáil leis an olltáirgeacht intíre. ADMHAÍONN SÍ gur gá faireachán a dhéanamh ar na rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as doimhniú féideartha na n-éagsúlachtaí eacnamaíocha, go háirithe i ngeall ar iarmhairtí na paindéime.

9. AONTAÍONN SÍ gur cheart breathnú ar Next Generation EU, ar chur chun feidhme na saoráide téarnaimh agus athléimneachta go háirithe, mar dheis chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, i gcomhréir le moltaí tírshonracha 2019 agus 2020 lena dtugtar aghaidh ar chúiseanna struchtúracha seanbhunaithe na míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha atá ann cheana agus an fháis táirgiúlachta lagaithe. IARRANN SÍ go ndéanfaí freagairtí iomchuí beartais a áirithiú chun aghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun táirgiúlacht agus acmhainneacht fáis a fheabhsú, lena n-áirítear i gcomhthéacs chur chun feidhme na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta. Dá bhrí sin, CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá leis an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme go pras, lena n-áirítear na pleananna téarnaimh agus athléimneachta.

10. MEABHRAÍTEAR DI go bpléifidh an Chomhairle an reachtaíocht lena rialaítear an nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha mar chuid den athbhreithniú ar reachtaíocht an rialachais eacnamaíoch.